



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Oideachas Ealaíon agus Curaclam na Bunscoile

Tuarascáil ar chomhairliúchán le pobail scoile ar an
Oideachas Ealaíon i gCuraclam Bunscoile athfhorbartha

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
EOLAS FAOIN SCÉAL	2
IONCHAS: FOCAL AMHÁIN Ó GACH DUINE	4
GNÍOMHAÍOCHT A HAON: NA HEALAÍONA SA CHURACLAM FAOI LÁTHAIR.....	5
GNÍOMHAÍOCHT A DÓ: AG SAMHLÚ FÉIDEARTHACHTAÍ SAN OIDEACHAS EALAÍON.....	1
An hata bán: fíricí agus tuiscintí mar a fheiceann muid anois iad.....	1
An hata dearg: mothúcháin faoin Oideachas Ealaíon	2
An hata buí: ag aithint gnéithe dearfacha, deiseanna	3
An hata dubh: dúshláin	5
An hata glas: deiseanna agus ceisteanna cruthaitheacha	6
GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ: IONCHUIMSIÚ AGUS FREASTAL AR RIACHTANAIS ÉAGSÚLA	9
GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR: AG BOGADH CÚRSAÍ CHUN TOSAIGH	11
ACHOIMRE MHACHNAMHACH AGUS BREATHNUITHE.....	13

Réamhrá

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar imeacht comhairliúcháin curaclaim dar teideal 'Oideachas Ealaíon agus Curaclam na Bunscoile' a bhí ar siúl in óstán i gCill Chainnigh ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Coláiste Ealaíon na Boirne an t-imeacht seo a chomheagrú. Is oiriúnú é an t-imeacht ar an múnla *Oideachas dár bPobail ar Scála Náisiúnta (BEACONS)* arna fhorbairt ag an gComhairle Mhúinteoireachta, agus a bhí mar chuid de staidéar píolótach dar teideal *Staidéar Píolótach ar Shamhail Rannpháirtíochta Pobail Scoile Áitiúil chun Bonn Eolais a chur faoi Cheapadh Polasaí Oideachais*, le tacaíocht ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Is cur chuige é i leith comhairliúcháin a bhfuil sé mar aidhm aige páirtithe leasmhara éagsúla a chur i mbun comhrá lena chéile agus a chur ar a gcumas éisteacht lena chéile maidir le saincheistanna oideachais a bhfuil suim agus tábhacht choiteann ag baint leo. Ba iad na páirtithe leasmhara a bhí páirteach san imeacht seo ná páistí bunscoile, tuismitheoirí, múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, ceannairí scoile, foireann feidhmiúcháin CNCM agus páirtithe leasmhara oideachais eile ó raon eagraíochtaí, lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), an Chomhairle Mhúinteoireachta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), agus Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI).

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt idir lámha ag CNCM ar *Churaclam na Bunscoile (1999)*. Agus é seo á scríobh, tá *Curaclam na Bunscoile* á thabhairt chun críche agus bhí sé le foilsiú go luath in 2023. Soláthraíonn an creat an bonn do Churaclam Bunscoile athfhorbartha sna blianta amach romhainn. Áirítear sa chéad chéim eile oibre ná cúig réimse curaclaim leathana, arb é Oideachas Ealaíon ceann amháin díobh, a fhorbairt. I g*Curaclam na Bunscoile (1999)* reatha, cuimsítear in Oideachas Ealaíon na hAmharc-ealaíona, Ceol, agus Drámaíocht. Léiríonn an creat oscailteacht maidir le fairsinge eispéiris oideachais ealaíon a leathnú do bhunscoileanna, agus déantar tagairt freisin d'ealaíona na meán, damhsa agus scannánaíocht. Tá sé mar aidhm aige freisin cuir chuige níos comhtháite i leith an teagaisc agus na foghlama sa spás seo a spreagadh. Cuireadh fáilte roimh leathnú an Oideachais Ealaíon le linn an chomhairliúcháin maidir le *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile (2020)*. Cuireann athfhorbairt an Oideachais Ealaíon deis ar fáil le tuiscint athnuaithe a fháil ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige leathan agus cothrom i leith na nEalaíon agus an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag rannpháirtíocht sna hEalaíona ar shaol páistí. Mar sin, ba é aidhm an imeachta seo:

- léargas níos fearr a fháil ar ról agus áit na nEalaíon laistigh den Churaclam Bunscoile.
- chun cabhrú le comhdhearcadh a fhorbairt maidir leis na heispéiris foghlama ba chóir don Oideachas Ealaíon a sholáthar i gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

Leanann an tuarascáil seo seicheamh na ngníomhaíochtaí ar an lá de réir mar a tháinig siad chun cinn, agus soláthraíonn sí cur síos ar phlé agus comhráite an lae. Is ionann moltaí, dearcaí agus tuairimí i gcló iodálach agus mar a labhraíodh nó mar a scríobhadh iad. I bhfianaise scála réasúnta beag an imeachta, ní féidir a mhaíomh go léiríonn an pictiúr a thagann chun cinn tuairimí ginearálta páistí bunscoile na hÉireann, a dtuismitheoirí nó a múinteoirí. Níl ann ach tuairimí na bpáirtithe leasmhara sin ag an bpointe seo. Tábhacht lárnach le linn an lae ba ea an próiseas

rannpháirtíochta. Tugadh deis do pháistí agus daoine fásta comhrá a dhéanamh lena chéile faoi ghnóthaí a bhaineann le forbairt an churaclaim.

Eolas faoin Scéal

65 nó mar sin daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo. Ba pháistí ó na meánranganna agus ó na ranganna sinsearach i gceithre bhunscoil i gCúige Laighean iad 32 duine acu, agus in éineacht leo bhí roinnt múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta, chomh maith le roinnt tuismitheoirí. Is féidir teacht ar liosta na scoileanna a bhí i láthair i dTábla 1. Spreagadh scoileanna lena chinntiú go ndéanfaí ionadaíocht leathan ar a n-éagsúlacht agus, nuair ab fhéidir, daoine a léiríonn 'guthanna nach gcloistear go minic' a chur san áireamh.



Rinne CNCM idirchaidreamh le scoileanna chun a chinntiú gur cuireadh na tacaíochtaí riachtanacha i bhfeidhm chun tacú le riachtanais gach páiste agus duine fásta. Chuidigh foireann CNCM le gníomhaíochtaí an lae a eagrú agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Bhí an ócáid ar siúl i seomra mór imeachtaí óna raibh rochtain dhíreach ar ghairdín lasmuigh. Bhí saorchead ag páistí dul amach go dtí an áit sin le linn a sosanna agus ag an am céanna, laistigh den seomra, cuireadh bailiúchán mór acmhainní ealaíon ar taispeáint agus cuireadh ar fáil do na páistí iad le linn gníomhaíochtaí agus sosanna na hócáide. Ba é an aidhm a bhain leis na hacmhainní seo a chur ar fáil ná atmaisféar an fhiosrúcháin agus na cruthaitheachta sna hEalaíona a ghiniúint agus chun comhthéacs an lae a thógáil.

Tábla 1. Liosta na scoileanna rannpháirteacha

Scoil Náisiúnta Wandesford, Caisleán an Chomair, Co. Cill Chainnigh

Bunscoil Rís Scoil Shinsearach Edmund Rice, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Scoil Náisiúnta Mhuire, Muine Bheag, Co. Ceatharlach

Scoil Naomh Aingil, Clochar na nUrsalach, Port Láirge, Co. Port Láirge

Tugtar léargas ar leagan amach an lae i dTábla 2. Tar éis fáilte agus forbhreathnú tosaigh, stiúir an t-éascaitheoir, ionadaí ó Choláiste Ealaíon na Boirne, an t-imeacht i rith an lae. Rinneadh na gníomhaíochtaí a struchtúru agus a chur in ord i dtreo na gcuspóirí a luadh sa réamhrá.

Tábla 2. Leagan amach an lae

Réamhrá

Ionchais – ‘focal amháin ó gach duine’

Gníomhaíocht a hAon – na hEalaíona sa churaclam faoi láthair

Gníomhaíocht A Dó – ag samhlú féidearthachtaí

Gníomhaíocht A Trí – ionchuimsiú agus freastal ar riachtanais éagsúla

Gníomhaíocht a Ceathair – ag bogadh cúrsaí chun tosaigh – ‘níos mó’ agus ‘níos lú’

Meastóireacht

Ráitis deiridh agus deireadh na hócáide

Ionchais: Focal amháin ó gach duine

Mar sheisiún oscailte agus gníomhaíocht aithne, iarraidh ar rannpháirtithe ‘focal amháin’ a scríobh ar nóta post-it - focal a thabharfadh léargas éigin faoin lá a bhí amach rompu. Léiríonn Tábla 3 réimse na bhfocal a tháinig chun cinn, i ngrúpaí de réir téama. (Léiríonn na huimhreacha líon na n-uaireanta a luadh an focal).

Tábla 3. Focal ó gach duine

<i>Spraoi (7) - Spéisiúil - Taitneamh - Áthas</i>	<i>Ionbhá - Éisteacht - Éist</i>
<i>Cruthaitheacht - Cruthaitheach (5) - Rannpháirtíocht - Ealaíonta - Gníomhaíochtaí - Gníomhaíochtaí Ealaín</i>	<i>Cumas gníomhaithe an pháiste - Guth - Guth scoláire - Ag cruthú nasc</i>
<i>Plé - Labhairt - Smaointe - Tuairimí (3) - Roghanna</i>	<i>Ábhair - Curaclam</i>
<i>Ceol (3) - Drámaíocht (2) - Aisteoireacht - Mímeáil - Léiriú a dhéanamh - Damhsa - Ag cruthú rud éigin</i>	<i>Uirlisí (2) - Lego</i>

Léirigh na focail a liostaíodh go soiléir go raibh na rannpháirtithe i ndea-ghiúmar agus go raibh ionchais dhearfacha acu maidir leis an lá. Thug an ghníomhaíocht seo léargas luath ar na peirspictíochtaí éagsúla a bhí ann maidir leis ‘na hEalaíona’, peirspictíochtaí na ndaoine fásta a bhí i láthair (múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, tuismitheoirí) ar lámh amháin, agus peirspictíochtaí na bpáistí ar an lámh eile. Bhí focail na bpáistí níos eispéireasaí – dar leosan gurb éard a bhíonn i gceist leis na healaíona ná ‘déanamh’ - spraoi, taitneamh, gníomhaíocht, léiriú, taibhiú, déanamh, aisteoireacht. Is dócha gurbh iad na daoine fásta a bhreac síos focail cosúil le rannpháirtíocht, guth scoláire, curaclam, cumas gníomhaithe an pháiste, agus ionbhá.

Gníomhaíocht a hAon: Na hEalaíona sa churaclam faoi láthair

Ba é cuspóir na gníomhaíochta seo ná na páistí, múinteoirí, agus tuismitheoirí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an Oideachas Ealaíon. Ba é an mhodheolaíocht a úsáideadh ná leagan oiriúnaithe den mhodheolaíocht choitianta drámaíochta ar a dtugtar ‘múinteoir-sa-ról’. Chuir aisteoir ó Choláiste Ealaíne Bhoirne í féin i láthair do na rannpháirtithe mar ‘Aire na Todhchaí’. Ba é ról an aisteora ná freagra láidir a mhúscailt d’aon ghnó sna rannpháirtithe. Ba é an príomh-mholadh a bhí aici ná an tOideachas Ealaíon a bhaint ón gcuraclam le spás a dhéanamh ‘d’ábhair níos tábhachtaí’ dar léi. Mhol sé gur eispéireas Oideachas Ealaíon leathan go leor do pháistí é ealaín a chruthú ag baint úsáid as na meáin dhigiteacha. Lorg sí tacaíocht dá ‘polasaí’ ó na páistí, múinteoirí, agus tuismitheoirí, ar iarradh orthu a gcuid tuairimí a léiriú trí mheán réimse meán éagsúil, lena áiríodh drámaíocht, póstaer, amhrán, dán, tarraingt, mím, srl. Iarradh orthu freisin a gcuid freagraí a úsáid leis na gnéithe de na hEalaíona atá tábhachtach dóibhsean a léiriú.

Ní nach ionadh, bhí na freagraí ar mholtaí beartais an ‘Aire’ thar a bheith diúltach agus míshásta. I measc an cháinte a rinneadh ar a cuid smaointe bhí argóintí ar bhonn níos leithne i gcoinne na meán digiteach in áit na nEalaíon. Leag rannpháirtithe amach roinnt srianta a bhainfeadh le brath ar na meáin dhigiteacha amháin le haghaidh eispéireas sna hEalaíona, is é sin: *cruthaitheacht*, *léiriú*, agus *spraoi*. Déanta na fírinne, bhí na gnéithe a síleadh a bheith ina srianta ar na meáin leictreonacha ar an taobh eile den scéal i gcás na luachanna agus buanna a síleadh a bheith ag na hEalaíona agus ag an Oideachas Ealaíon. Léiríonn roinnt samplaí de ráitis a rinneadh ar phóstaer agus ar chairteacha na peirspectíochtaí/tuairimí contrártha seo a bhain le chéile:

Ní aontaím léi [leis an ‘Aire’]. Ní bheadh i gceist le gach rud a bheith digiteach ach an scoil ar líne arís. Is ionann ealaín agus tú féin a léiriú agus a bheith cruthaitheach. Dá mbeadh gach rud digiteach, bhainfeadh sé sin de sin.

Easaontaím léi mar is breá liom ealaín agus tá sí ag baint an spraoi den ealaín.

Ní dhéanann earraí leictreonacha ach do chloigeann a líonadh agus leis an ealaín, bíonn spraoi ag baint le bheith cruthaitheach agus tarraingt agus péinteáil agus na nithe sin ar fad.

Ceapaim gur cheart dúinn rudaí a thógáil as boscaí nó seanrudaí, ní ar tháibléid.

Bhí sé le feiceáil sna freagraí ionadaíochta thuasluaite gurb ionann, dar le go leor páistí, na hEalaíona agus na heispéiris a bhíonn acu ar scoil leis na ‘hAmharc-Ealaíona’. Is mar sin atá an scéal d’ainneoin gur leagadh amach in intreoir an lae an líon mór foirmeacha léirithe agus taibhithe a chuimsíonn an tOideachas Ealaíon, arna síniú chun damhsa, scannánaíocht, agus na meáin dhigiteacha a chur san áireamh freisin. Is coincheap eagraíochtúil daoine fásta é an scáth-théarma ‘Ealaíona’, agus is dócha nach dtuigeann formhór na bpáistí bunscoile go fóill é. D’ainneoin srianta den chineál seo, i measc samplaí den luach a leag siad ar na hEalaíona á chur in iúl ag na páistí, bhí:

Bíonn an drámaíocht agus an photadóireacht an-teiripeach [sic] ní do na páistí amháin ach do dhaoine fásta freisin.

Is maith liom mo shamhlaíocht a úsáid agus mé i mbun ealaíne.

Is é an rud is fearr liom faoin drámaíocht ná léiriú a dhéanamh. B'fhéidir go bhféadfadh scoileanna níos mó drámaí a dhéanamh, cosúil leis an gcaoi a ndearna Del a Salle [iar-bhunscoil áitiúil] seó.

Bíonn spraoi ag baint le rudaí a dhéanamh ar scoil mar má dhéanann tú i ngrúpa é is féidir leat craic a bheith agat agus feicfidh tú nach ionann aon dá phíosa ealaíne.

Seo liosta grúpa amháin maidir le gníomhaíochtaí 'A thaitníonn leo a dhéanamh': *tarraingt, péinteáil, tógáil le boscaí, Lego, múnlú, déanamh scannán, éisteacht le ceol, dathú, drámaíocht, ealaín, agus gluaiseacht.* Sa chaoi chéanna a raibh freagraí na bpáistí ar na ceisteanna a cuireadh bunaithe ar a gcuid eispéireas leis na hEalaíona, léirigh freagraí ó mhúinteoirí agus ó dhaoine fásta eile sna grúpaí a gcuid luachanna agus eispéireas féin maidir le teagasc na nEalaíon, chomh maith le soláthar curaclaim dóibh. I measc na bhfreagraí bhí:

Tá na hEalaíona tábhachtach d'fhorbairt na hintinne agus an choirp.

Tá níos mó ealaíne agus ceoil ag teastáil uainn, ní níos lú!


Níl dóthain ama don chruthaitheacht ar scoil, tá an oiread sin le clúdach sa churaclam cheana féin.

Srian i gceist [ar chruthaitheacht] mar gheall ar thosaíochtaí an churaclaim.

Ba cheart spás a chur ar fáil don saorléiriú leis na hEalaíona, go háirithe na ranganna sinsearacha.

Is cosúil gur nós le roinnt múinteoirí smaoineamh ar na hEalaíona i dtéarmaí na n-amharc-ealaíon go príomha.

Chuir roinnt grúpaí a gcuid freagraí i láthair i bhfoirm póstaer, ag taispeáint gníomhaíochtaí éagsúla sna hEalaíona. Mana amháin a cuireadh le ceann acu ná: *Na hEalaíona Digiteacha? Cá bhfuil an spraoi?* Agus chum grúpa amháin (a raibh daoine fásta agus páistí mar chuid de) dán gearr.



Téama amháin a tháinig chun cinn i dtráchtanna agus freagraí ó mhúinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, agus páistí, ná áit na teicneolaíochta digití i gcomhthéacs an Oideachais Ealaíon. Cé gurbh é an cuspóir a bhí leis an gcur i láthair a rinne an 'tAire' ná tacaíocht do na healaíona a spreagadh go ginearálta, síleadh in go leor freagraí gur dúshlán a bhí ann taobhanna a thógáil chun tacú leis na hEalaíona, agus braitheadh go dtagann na meáin dhigiteacha salach ar fhoghlaim sna hEalaíona, ar bhealach. Braitheadh go ginearálta go gcuireann na meáin dhigiteacha isteach ar an gcruthaitheacht agus samhlaíocht, ar nós go mbaineann siad an 'spraoi' d'obair sna hEalaíona. É sin ráite, luadh 'ealaín dhigiteach' cúpla uair ar na cairteacha a cruthaíodh, agus moladh i gcúpla trácht go mbeadh ról ag meáin den chineál seo san Oideachas Ealaíon.

Sílím go bhfuil sé go maith an teicneolaíocht a úsáid leis na hEalaíona ... ní in áit na cruthaitheachta ach le cur léi.

Ba cheart dúinn gléasanna digiteacha a úsáid níos minice, ach ní hiad a úsáid in áit an cheoil, na péinteála, na drámaíochta.

Léiríonn an chonspóid a bhí sna meáin phoiblí le déanaí maidir leis an eitic a bhaineann le cruthú ealaíne trí mheán na teicneolaíochta digití go mbeidh ról na meán seo ina shaincheist faoi cheann tamaillín. Ní raibh i gceist leis seo ach ceist bheag inní san athbhreithniú seo, ach is léiriú é go raibh rannpháirtithe feasach ar an teannas idir an teicneolaíocht/cruthaitheacht, teannas a mbeidh gá lena réiteach.

Gníomhaíocht a Dó: Ag samhlú féidearthachtaí san Oideachas Ealaíon

Ag tús na gníomhaíochta seo, tugadh cairt A3 ar a raibh ‘coire draíochta’ do na rannpháirtithe. Dúradh gur cheart go rachadh na heispéiris - ‘comhábhair’ - a síleadh a bheith riachtanach don oideachas ealaíon isteach sa choire. Céard iad na gnéithe dearfacha, deiseanna, dúshláin, féidearthachtaí? Baineadh úsáid as cur chuige ‘[Sé Hata Smaointeoireachta](#)’ Edward de Bono chun tabhairt faoin bplé agus tugadh stiallacha daite de chairt amach le deis a thabhairt do na rannpháirtithe smaoiniamh ar na ‘comhábhair’ ó pheirspictíochtaí éagsúla. Ba cheart a lua go raibh oiliúint faighte ag an éascaitheoir i gcur chuige ‘Hataí Smaointeoireachta De Bono’. Chuir na ‘hataí’ éagsúla na comhábhair a léirítear thíos ar fáil ceann ar cheann. (Níor úsáideadh hata amháin – an hata gorm – mar gheall nach raibh a bhéim ar phróiseas ábhartha d’imeachtaí an lae).

An hata bán: fíricí agus tuiscintí mar a fheiceann muid anois iad

Lorgaíonn an Hata Bán faisnéis atá ar eolas nó ag teastáil.

Is féidir samplaí de fhreagraí don ‘hata’ seo a fheiceáil i dTábla 4. Luaigh rannpháirtithe gníomhaíochtaí ealaíne, luaigh siad mothúcháin le healaín, agus rinne siad trácht ar ealaín a chruthú. Síleadh gurbh ionann na fíricí faoi Ealaín agus ‘na rudaí a dhéanann muid’. Bhí béim mhór ar an ‘Amharc-ealaín’ seachas ar an Oideachas Ealaíon níos leithne, agus arís, léirigh tuairimí na bpáistí a gcuid eispéreas.

Tábla 4: Smaointeoireacht an hata bháin

<i>Cabhraíonn an drámaíocht linn bheith inár gcumarsáidithe maithe</i>	<i>Bíonn an chruthaitheacht airdeallach</i>	<i>Is féidir leis an ealaín a bheith deacair</i>	<i>Bíonn sí spráúil agus baineann gach duine taitneamh aisti</i>
<i>Bíonn go leor foirmeacha éagsúla ag an ealaín – scannánaíocht, grianghrafadóireacht, péinteáil, tarraingt, ceol, drámaíocht, srl.</i>	<i>Spraúil agus spreagúil</i>	<i>Déanann muid go leor a tharraingt le linn am ealaíne</i>	<i>Is ionann ealaín agus cruthaitheacht</i>
<i>Déanaimid ceolchoirmeacha scoile ar an stáitse inár halla</i>	<i>Cuireann muid ceol leis ach cór a bheith againn</i>	<i>Sa cheol foghlaimimid na</i>	<i>Tá cóir áille againn inár scoil</i>

		<i>cineálacha éagsúla nótaí ceoil</i>	
<i>Déanaimid go mór drámaíocht agus drámaí</i>	<i>Nuair a fhoghlaimíonn muid drámaíocht, léiríonn muid í dár rang</i>	<i>Daite</i>	<i>Tarraingt, ceol, damhsa, péinteáil</i>
<i>Tarraingt, teibíocht, dathanna, feadóg stáin, páipéar, gearradh.</i>	<i>Tá ealaín léiritheach</i>	<i>Is féidir le gach duine ealaín a dhéanamh</i>	<i>Is ionann ealaín agus samhlaíocht</i>
<i>Sonas</i>	<i>Bíonn an ealaín go maith le daoine a chur ar a suaimhneas</i>	<i>Sa phéinteáil, bainimid úsáid as go leor dathanna éagsúla chun muid féin a léiriú</i>	<i>Foghlaimímid faoi ealaíontóirí éagsúla</i>
<i>Is iad an ceol, ealaín, agus an drámaíocht na príomh- ealaíona</i>	<i>Déanaimid amhráin a chumadh</i>		

An hata dearg: mothúcháin faoin Oideachas Ealaíon

Léiríonn an Hata Dearg mothúcháin, barúlacha, agus iomas. Agus tú ag baint úsáid as an hata seo is féidir leat mothúcháin a léiriú agus cúiseanna eagla, rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leat, rudaí is breá leat, agus rudaí is fuath leat a roinnt.

Léiríodh mothúcháin i leith na nEalaíon a bhí dearfach den chuid is mó agus a bhain go díreach le healaín agus le gníomhaíochtaí ealaíne, go háirithe le Ceol. Dúradh go minic gur de thoradh na rannpháirtíochta leis na hEalaíona na mothúcháin. Léiríodh roinnt mothúchán diúltach freisin, a bhain le hionchas pearsanta/ fonn foirfeachta daoine, agus an t-éagumas a raibh i gceist acu a chruthú a dhéanamh. Bhain roinnt mothúchán diúltach leis an gcaoi a láimhseálann múinteoir ealaín agus a 'táirgeadh'. Tugtar léargas ar na freagraí i dTábla 5.

Tábla 5: Smaointeoireacht an hata dheirg

<i>Sceitimíní; tógtha (9); sceitimíneach (4); Sona; spraoi</i>	<i>Suaimhneasach; suaimhneach (5); Suaimhníonn an ealaín daoine</i>	<i>Frustrachas; barránach; Faoi bhrú; brú; Trí chéile; Neirbhíseach (2); D'fhéadfá bheith neirbhíseach mura</i>	<i>Sásta (15); Nuair a chanaim, braithim sásta; Nuair a sceitseálim, bím sásta;</i>
--	---	---	---

		<i>mbreathnaíonn sé go deas</i>	
<i>Braithim go maith/ar mo shuaimhneas nuair a éistim le ceol; Suaimhneach i ndiaidh éisteacht le ceol</i>	<i>Bródúil; bród i ndiaidh pictiúr a chríochnú</i>	<i>Braistint sásaimh; Sásamh; Gnóthachtáil</i>	<i>Cruthaitheach; cruthaitheacht; Nuair a dhéanaim ealaín, bíim cruthaitheach agus tagann sonas orm</i>
<i>Samhlaíoch; Machnamhach; Dírithe; Spreagtha</i>	<i>Suaimhneasach (3); suaimhneach (7); casta as; Nuair a tharraingím, braithim suaimhneach agus sona</i>	<i>Compordach</i>	<i>Saor (2); Cumasaithe</i>
<i>Is féidir le healaín tú a dhéanamh sásta agus brónach uaireanta</i>	<i>Iontas ort</i>	<i>Brónach (2); bréan de</i>	<i>Draíocht</i>

An hata buí: ag aithint gnéithe dearfacha, deiseanna

Is siombail é an Hata Buí don ghile agus don dóchas. Faoin hata seo, fiosraíonn tú na gnéithe dearfacha agus lorgaíonn tú luach agus tairbhe.

Ba théama láidir a tháinig chun cinn le linn gné smaointeoireachta an ‘hata bhuí’ an taibhiú. I measc samplaí a tugadh den taibhiú bhí canadh agus aisteoireacht. Spéisiúil go leor, thaitin gníomhaíochtaí ealaíne comhoibritheacha níos mó le rannpháirtithe, gníomhaíochtaí trínarbh fhéidir le grúpaí obair le chéile chun ealaín a chruthú. Leagadh béim freisin ar an taitneamh. Tháinig cumas gníomhaithe páistí chun tosaigh le linn an phlé seo. Pléadh coincheapa na rogha, saoirse, treo pearsanta gníomhaíochta agus rannpháirtíocht ghníomhach. Gné dhearfach eile a luadh ná an bhraistint go bhfuil rud éigin bainte amach agat nuair a chruthaíonn tú rud éigin nó nuair a bhaineann tú triail as rud éigin nua. Faoi dheireadh, ba mhinic gur breathnaíodh chun tosaigh sa phlé seo, agus labhair páistí *faoina bhféadfaidís a bheith* nó *faoinar theastaigh uathu a bheith* amach anseo.

Tábla 6: Smaointeoireacht an hata bhuí

<i>Béim ar bhuanna agus tallanna</i>	<i>Saoirse; rogha; súgradh</i>	<i>Beomhar</i>	<i>Taitníonn an canadh agus an aisteoireacht liom</i>
--------------------------------------	--------------------------------	----------------	---

Aisteoireacht	Taibhiú, léiriú, dealbhóireacht, tarraingt, canadh, filíocht, Lego, faisean, damhsa	D'fhéadfá a bheith sona	Déanann an tairbhe a bhaineann le rud éigin a chruthú sona mé
Is breá liom an chaoi a mothaíonn táirge atá críochnaithe	Ceardaíocht, an toradh deiridh, aisteoireacht, péinteáil, ceol, cré, triail a bhaint as teicnící éagsúla	Cumasaithe; Sásamh	D'fhéadfá a bheith i d'ealaíontóir agus do chuid mothúchán a léiriú (3)
A bheith dearfach agus bródúil	D'fhéadfadh ealaín cairdis a dhéanamh níos láidre le linn obair ghrúpa; Obair ghrúpa le cairde; Cairdeas agus spraoi	Bródúil; ar bís (2)	Cur isteach ar chomórtais ealaíne
Déanann canadh sona mé; Canadh sa charr; Canadh; ceol; bíonn gach duine ag gáire	Canadh, tarraingt agus dathú le chéile	Damhsa le cairde agus le teaghlach; Damhsa agus mo mham ag breathnú orm; Damhsa craiceáilte le páistí	Is breá liom tarraingt, déanann sé sona agus dírithe mé
Is féidir linn dul go dtí an phictiúrlann mar gheall ar na hEalaíona	Ba mhaith liom a bheith i mo stiúrthóir scannán (sic)	Cabhraíonn sé liom scil nua a fhoghlaim; Scil nua a fhoghlaim;	D'fhéadfá a bheith i d'amhránaí cáiliúil
Ar lá fliuch, is breá liom nuair a thugann an múinteoir leathanach le dathú dúinn	Obair agus súgradh le daoine eile, gáire, rud éigin a chruthú nach raibh sa domhan go dtí sin	Taitníonn sé go mór liom breathnú ar scannán teaghlaigh le linn am teaghlaigh	Taibhiú ar stáitse agus dathú
Iarracht a dhéanamh a bheith níos fearr ag an ealaín	Píosa bán páipéir chun rudaí nua a thriail san ealaín.		

An hata dubh: dúshlán

Rioscaí, deacrachtaí, fadhbanna – aithin deacrachtaí nuair a d'fhéadfadh teip ar rudaí, an fáth go mb'fhéidir nach n-oibreodh rud éigin. Hata gnímh is ea seo go nádúrtha, a bhfuil sé mar aidhm aige ceisteanna riosca a léiriú chun dul i ngleic leo.

Ba é an príomhdhúshlán a shainaithin rannpháirtithe ná easpa féinmhúiné maidir le do chumas féin san ealaín. Dúirt roinnt daoine gurb ionann seo agus gan caighdeán faoi leith a bhaint amach agus feasacht ar thuairimí daoine eile ar do shaothar nó táirge. Ardaíonn sé seo ceisteanna faoi thuairimí páistí maidir leis an ealaín: go bhfuil bealach ceart ann le 'healaín a dhéanamh'. Phléigh páistí breithiúnas a dhéanann siad féin nó daoine eile (comhscoláirí agus múinteoirí) ar a n-ealaín. I measc na 'ndúshlán' praiticiúil a aithníodh bhí deacrachtaí acmhainní agus ábhar. I measc cuid de na samplaí bhí an praiseach agus glanadh suas a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hobair Amharc-ealaíne, an easpa ama le hobair a chríochnú, agus gan an deis a bheith ann obair gan aon chur isteach. Arís eile, bhí béim láidir ar an Amharc-ealaín, cé gur luaigh cúpla duine ceol, aisteoireacht, agus scannánaíocht.

Tábla 7: Smaointeoireacht an hata dhuibh

Uaireanta d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil tú sásta le toradh; Frustrachas ag teacht ort nuair nach féidir leat é a dhéanamh; Cuireann sé isteach orm nuair a dhéanaim praiseach de rud éigin; Má dhoirt rud éigin ar d'ealaín (2) Nuair a dhoirteann duine éigin uisce ar d'ealaín	Praiseach (4) Gealra (3) Ag déanamh praiseach de rud D'fhéadfadh sé a bheith go maith freisin do chuid praiseach a ghlanadh suas	Rudaí a chuireann isteach ort (3); daoine ag labhairt, ag bogadh amanna ábhar; sluaite móra; tuismitheoirí (2); gan do dhóthain soláthairtí a bheith agat; múinteoirí (2); Daoine ag labhairt; fuaimeanna glóracha.	Ní dóigh liom go bhfuil ár ndóthain uirlisí ceoil againn
Easpa muinéine (2); Muinín íseal; Gan a bheith go maith ag an ealaín;	Am (4); D'fhéadfá rith amach as ama; Gan aon am agat é a chríochnú;	An iomarca rialacha agus treoracha; Fairfeacht; Cruinneas	Rogha; Samhlaíocht;

<p><i>Daoine ag trácht ar ár n-ealaín; Tuairimí daoine eile; Ionchais; Pointeáil agus gáire; An iomarca machnaimh a dhéanamh; Iallach a bheith ort atosú nuair a theipeann ar rud éigin</i></p>	<p><i>Gan do dhóthain ama a bheith agat le críochnú (3); Bíonn tú faoi go leor brú; Nuair a dhéanann tú ealaín níor chóir go mbrostófaí thú – caithfidh tú d'am a ghlacadh; Nuair a deir mo mhúinteoir go bhfuil deireadh leis an am don ealaín</i></p>		
<p><i>Teicneolaíocht</i></p>	<p><i>Nuair a iarrtar ort rud éigin cruthaitheach a dhéanamh nuair nach bhfuil tú ag mothú cruthaitheach</i></p>	<p><i>Ní fhoghlaimimid ár ndóthain maidir le cén chaoi le bheith ag aisteoireacht</i></p>	<p><i>Bheith neirbhíseach os comhair slua; Aisteoireacht a dhéanamh os comhair slua; Canadh go poiblí; Neirbhíseach; Eagla; cúthail; Is féidir leis an ealaín a bheith strusmhar; Déanann taifeadadh neirbhíseach mé</i></p>

An hata glas: deiseanna agus ceisteanna cruthaitheacha

Díríonn an Hata Glas ar chruthaitheacht; na deiseanna, roghanna malartacha, agus smaointe nua. Is deis é coincheapa agus tuairimí nua a léiriú.

Bhí sé deacair in amanna na srianta a bhain le freagraí aon fhocail an ‘hata’ seo a léirmhíniú. Thug roinnt rannpháirtithe moltaí maidir le hacmhainní agus éascú ceachtanna ealaíne. Luaigh siad am, acmhainní, an tábhacht a bhaineann le ranganna níos lú, an ealaín a úsáid mar mhodh athchúrsála, cuairteanna ar iarsmalanna, agus sainmhúinteoirí a úsáid. Luaigh rannpháirtithe réimse leathan eispéireas foghlama ba mhaith leo a bheith acu tríd an Oideachas Ealaíon: grianghrafadóireacht,

scannánaíocht, beochan, cruthú nuachtlitreach, origami, léiriú físeán ceoil, dearadh éadaí agus faisin, cniotáil, cróiseáil, obair le cré, freastal ar nó bheith mar chuid de mhargadh ceardaíochta agus/nó taispeántas ealaíne.

Is féidir freagraí don 'hata' seo a fheiceáil i dTábla 8 thíos.

Tábla 8. Smaointeoireacht an hata ghlais

<i>É a choinneáil simplí – níos lú brú!</i>	<i>Dá mbeadh rochtain ag gach scoil ar ghairmithe ealaíne chomh maith leis an spás le léirithe a dhéanamh, stáitsí, srl.</i>	<i>Acmhainní; Am; Airgead; Tacaíocht</i>	<i>Go mbeadh seachtain/lá ina ndéanaimid ealaín go hoscailte – gan aon phleananna, díreach tabhairt faoin obair</i>
<i>Tugann ceoldráma nó scannán go leor ealaíon le chéile</i>	<i>Rud éigin nua, samhlaíocht; Is teanga uilechoiteann í an ealaín</i>	<i>Dá mbeadh bealach measúnaithe i gceist leis an ealaín, seachas díreach leis an Mata agus Béarla amháin, a d'fhéadfaimis a chur in iúl don rialtas</i>	<i>Bealaí eile le bheith cruthaitheach – bÁCáil, garraíodóireacht (2); Drámaíocht; uirlisí ceoil; fuáil (3); cniotáil, cróiseáil (2); bÁCáil; scannánaíocht; grianghrafadóireacht (3); Garraíodóireacht; bia le hithe a fhás; róbat a thógáil; Lego</i>
<i>Ba cheart dúinn níos mó cniotála agus fuála, chomh maith le dearadh a dhéanamh Faisin; Déanamh éadaí; físeán beochan íomhá ar íomhá; dearadh</i>	<i>Ealaín allamuigh (3); Ealaín theibí; Nádúr (2); Na healaíona digiteacha</i>	<i>Ligean do pháistí sealanna a ghlacadh ag pleanáil ceacht ealaíne, ceacht drámaíochta, ceacht ceoil – muinín a léiriú i scoláirí – tógáil ar smaointe a chéile Iarraidh ar scoláirí a gcuid scileanna cruthaitheacha a roinnt lena gcuid piaraí</i>	<i>Ba bhreá liom dá bhféadfaimis níos mó péinteála a dhéanamh</i>

<p><i>Caithfimid taisteal chuig níos lú áiteanna agus eolas maith a fháil m.sh. iarsmalann, áiteanna eile mar sin</i></p>	<p><i>Aisteoireacht agus canadh mothúchánach agus léiritheach; Bualadh le haisteoir; Níos mó aisteoireachta agus ceoil i scoileanna</i></p>	<p><i>Níos mó Lego; Minecraft</i></p>	<p><i>Ba cheart na hacmhainní ar fad agus na scéimeanna/tionscnaimh atá ar fáil a chur in iúl do scoileanna – a d'fhéadfadh tacú le múineadh na nEalaíon</i></p>
<p><i>Ár Nuacht – páipéar nuachta / nuachtlitir</i></p>	<p><i>Beochan; Físeáin cheoil a dhéanamh</i></p>	<p><i>Cré agus origami; Rudaí a dhéanamh as cré (2); Dealbhóireacht (2); Clocha a phéinteáil</i></p>	<p><i>Uirlisí nua a dhéanamh</i></p>
<p><i>Dá dtógfaimis sos ealaíne 15 nóiméad i ndiaidh gach uair an chloig</i></p>	<p><i>An cairtchlár (2) ón athchúrsáil a úsáid chun ceardaíocht a dhéanamh; Seanbhruscar ó do theach a úsáid chun rud éigin a thógáil; Bruscar (2)</i></p>	<p><i>Ealaíontóir cónaitheach; Múinteoir ealaíne ag bogadh ó scoil go scoil</i></p>	<p><i>Cóimheas múinteoirí is scoláirí laghdaithe</i></p>
<p><i>Taispeántas ealaíne (2); Aonach ceardaíochta</i></p>	<p><i>Do dhícheall a dhéanamh san obair</i></p>		

Gníomhaíocht a trí: Ionchuimsiú agus freastal ar riachtanais éagsúla

Ba é aidhm na gníomhaíochta seo feasacht a ardú orthu siúd ar féidir le deacrachtaí faoi leith pearsanta a bheith i gceist dóibh agus iad rannpháirteach san Oideachas Ealaíon, agus machnamh a dhéanamh ar bealaí inar féidir leis an Oideachas Ealaíon agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis a bheith níos ionchuimsithí. Léirigh freagraí roinnt bac fisiciúil a bhíonn i gceist do dhaoine atá faoi mhíchumas fisiciúil agus céadfach, baic a d'fhéadfadh srian a chur lena rannpháirtíocht sna hEalaíona. É sin ráite, léiríodh feasacht freisin ar cheisteanna pearsanta agus mothúchána a bhíonn ina ndeacrachtaí do dhaoine áirithe, cosúil le cúthaileacht nó easpa féinmhuiníne, chomh maith leis na roghanna foghlama a bhíonn ag gach duine.

I measc na smaointe maidir le feabhas a chur ar rochtain agus rannpháirtíocht daoine a bhíonn thíos leis an méid thuas bhí straitéisí is féidir a chur i bhfeidhm i seomraí ranga na scoile agus sa phobal ealaíne níos leithne. Bheadh roinnt moltaí ábhartha don fhoghlaim i réimsí eile chomh maith le réimse na nEalaíon. Aithníodh sa phlé ag boird na ngrúpaí go gcuirtear cuid de na straitéisí a liostaíodh i bhfeidhm sna scoileanna agus sna pobail cheana féin, ach i gcás cuid acu, go mbeadh acmhainní breise, nach bhfuil an cumas ag scoileanna a chur ar fáil, ag teastáil chun iad sin a chur i bhfeidhm.

Tábla 9. Gnéithe a chuireann bac ar an rannpháirtíocht san Oideachas Ealaíon agus réitigh a moladh

Gnéithe a bhféadfadh bac/ srian a chur ar rannpháirtíocht	Samplaí de réitigh a moladh
Lagú éisteachta	Teanga chomharthaíochta na hÉireann; Lámh; córais fuaime
Lagú amhairc; dathdhaille	Níos mó ábhar i mBraille
Deacrachtaí soghluaisteachta	Trealamh níos mó, ar nós scuaba péinteála, srl. Rudaí a ghlacadh níos moille; níos mó céimeanna; tascanna níos éasca
Páistí ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise Páistí a bhfuil deacrachtaí labhartha acu	Aistritheoirí; Google translate; daoine le mínithe a thabhairt; níos mó ábhar amhairc a úsáid
Páistí a bhfuil uathachas orthu	Ealaín chéadfach; fuaimeanna níos ciúine
Faitíos roimh theip; scéin stáitse Cúthaileacht, easpa féinmhuiníne, easpa féinmheasa	Níos mó spreagtha agus moltaí Grúpaí níos lú ag obair le múinteoirí; aimsigh a mbuanna, agus léirigh a gcuid oibre más maith leo go ndéanfaí sin

Raon cúng réimsí foghlama ar fáil.	Níos mó rogha réimsí a chur ar fáil sna hEalaíona; ligean do pháistí a rogha gníomhaíochtaí a phiocadh.
Páistí a mbíonn deacrachtaí acu díriú	Níos mó tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna i réimsí na riachtanas speisialta oideachais
Páistí nach dtaitníonn gníomhaíochtaí ealaíon leo.	'Is féidir le cara cabhrú'
Ginearálta	Freastal ar bhunriachtanais na bpáistí maidir le bia, sos, srl.

Gníomhaíocht a ceathair: Ag bogadh cúrsaí chun tosaigh

Dearadh an ghníomhaíocht dheireanach i bhfoirm moltaí ‘níos mó agus níos lú’; céard iad na rudaí ar cheart dúinn níos mó díobh a bheith againn nó ar cheart dúinn níos mó díobh a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár gcuid spriocanna don oideachas sna hEalaíona; agus os a choinne sin, céard leis ar cheart fáil réidh nó céard ba cheart a laghdú chun cabhrú leis an dul chun cinn sin. Cosúil le gníomhaíochtaí eile an lae, léirigh mianta agus cúiseanna imní na bpáistí agus daoine fásta an chodarsnacht a mbeifeá ag súil léi, i bhfianaise a dtuiscintí agus a n-eispéireas éagsúil. I measc cúiseanna imní na múinteoirí agus na gcúntóirí riachtanais speisialta bhí imní maidir le hacmhainní an Oideachais Ealaíon, forbairt ghairmiúil leantach a chur ar fáil do mhúinteoirí, agus solúbthacht agus saoirse faoi leith a bheith ann laistigh de struchtúir churaclaim. I measc cúiseanna imní na bpáistí bhí an t-am a bhíonn ar fáil do ghníomhaíochtaí ealaíon, agus ba chúis ghearáin é críochnú deifreach. Bhí fonn do réimse níos leithne foghlama san Oideachas Ealaíon soiléir, agus bhí cúpla trácht cáinteach ar an easpa rogha i ghníomhaíochtaí ealaíon, agus an cloí faoi leith leis an léiriú coiteann a bhíonn ag teastáil in amanna.

Tábla 10: Na rudaí a raibh ‘níos mó’ díobh ag teastáil ó rannpháirtithe

Níos mó...
... FGL do na healaíona, laistigh de scoileanna agus le múinteoirí eile (uaireanta Pháirc an Chrócaigh)
... bord a bheith againn le huirlisí [ceoil], ábhair ealaíne, agus gníomhaíochtaí
... comhtháthú na n-ealaíon in ábhair eile
... súgradh spraiúil; beochan; ealaín 3T
... damhsa saorstíle
... bÁCáil, ceardaíocht, damhsa, cré (2); cniotáil
... am; am le bheith cruthaitheach; saoirse; solúbthacht
... níos mó péinteála ná dathú
... trealamh; soláthairtí ealaíne
... comórtais ceoil/ amhránaíochta; cór (2)
... tacaíocht (cúntóirí riachtanais speisialta, cúntóirí seomra ranga)
... uirlisí ceoil; uirlisí súgartha
... gníomhaíochtaí faoin spéir; nádúr; ealaíona allamuigh
... speisialtóirí ag teacht chuig ár scoil
... drámaíocht (2); drámaí (2); drámaíocht an Bhéarla; mím
... ag obair le chéile

Tábla 11: Na rudaí a raibh ‘níos lú’ dóibh ag teastáil ó rannpháirtithe

Níos lú...
... béim ar amchláir
... cóipeáil pictiúr
... éilimh ar pháipéarachas
... táibléid agus gléasanna
... ionchais arna stiúradh ag torthaí
... dathú
... éilimh churaclaim
... rogha an mhúinteora
... am scáileáin
... deifriú chun críochnú
... múinteoirí ag rá gur gá do d'ealaín a bheith díreach mar an gcéanna leis an taispeántas
... brostú; gan an t-am a bheith agat do chuid oibre a chríochnú

Achoimre mhachnamhach agus breathnuithe

San imeacht comhairliúcháin seo, tháinig páistí bunscoile, cuid dá múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta, chomh maith le roinnt tuismitheoirí, le chéile chun plé a dhéanamh ar cheisteanna maidir leis an Oideachas Ealaíon i gCuraclam na Bunscoile. I gcomhthéacs obair leanúnach CNCM maidir le hatheagar a chur ar Churaclam na Bunscoile, ba imeacht é a raibh sé mar aidhm aige:

- léargas níos fearr a fháil ar ról agus áit na nEalaíon laistigh den Churaclam Bunscoile
- cabhrú le comhdhearcadh a fhorbairt maidir leis na heispéiris foghlama ba chóir don Oideachas Ealaíon a sholáthar i gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

Thug rannpháirtithe faoi líon gníomhaíochtaí éagsúla i gcaitheamh an lae chun na haidhmeanna seo a fhiosrú. Tá taifeadadh agus athinsint déanta sa tuarascáil seo ar spiorad agus ábhar na ngníomhaíochtaí agus na rannpháirtíochta sin.

Ba é céad ghné shuntasach an lae ná spéis shoiléir i leith an Oideachais Ealaíon inár scoileanna. Thug na páistí agus na daoine go leor tacaíochta do na gníomhaíochtaí ealaíne, a luach, agus na buntáistí a bhaineann leo. Léirigh na rannpháirtithe an-aontú leis an gcruthaitheacht agus leis na foirmeacha éagsúla léirithe is féidir leis na hEalaíona cumasú, éascú, agus forbairt. Luadh go minic go mbaineann an-tábhacht leis an tsamhlaíocht don chruthaitheacht. Dúradh go raibh gnéithe de ghníomhaíochtaí ealaíne scoile amhail an léiriú agus obair i ngrúpaí tábhachtach, agus síleadh go raibh súgradh agus spraoi ina ngnéithe riachtanacha den fhoghlaim ealaíne ar fad.

Aithníodh go bhféadfadh úsáid na teicneolaíochta digití sna hEalaíona tacú agus cur leis an gcruthaitheacht. É sin ráite, braitheadh go láidir gur cheart don teicneolaíocht dhigiteach a bheith in úsáid sa bhreis ar an Oideachas Ealaíon seachas in ionad gnéithe eile den réimse curaclaim. Ba fhianaise d'fheasacht ar oideolaíochtaí sna réimse Ealaíon, d'ímní maidir le soláthar acmhainní, FGL san áireamh, chomh maith le léargas níos airde ar áit fhoghlaim na nEalaíon sa churaclam ar an iomlán an méid a chuir na rannpháirtithe fásta leis an bplé.

Tháinig sé chun solais go luath sa lá go raibh an tuiscint a bhí ag formhór na bpáistí ar na téarmaí 'na hEalaíona' agus 'an tOideachas Ealaíon' teoranta go leor. Ba mhinic a bhí chomhghaol idir 'na hEalaíona' agus na gníomhaíochtaí 'Amharc-ealaíne' i seomraí ranga. Ba cheist séimeantaice a bhí anseo, go bunúsach. Ba léir le linn plé an lae gur thug páistí go minic faoi réimse foghlama a thagann faoi scáth na n-ealaíon, amhail an ceol, an drámaíocht, an damhsa, seónna, cóir, múnú, dearadh, scríbhneoireacht scéalta, na meáin dhigiteacha agus scannánaíochta. Léirigh tráchtanna agus freagraí ó na 'daoine fásta sa seomra' an tuiscint níos leithne a bhí ann ar an téarma 'na hEalaíona', cé gur úsáid cuid acu 'ealaín' in amanna. Is éard a bhí soiléir ón gceist seo a bhain le teanga agus tuiscint ná gur tháinig daoine fásta agus páistí freisin ar a gcuid tuairimí agus tuiscintí féin trí mheán a gcuid eispéireas seomra ranga.

Spreag an úsáid a baineadh as modheolaíocht bunaithe ar Shé Hata Smaointeoireachta Edward de Bono réimse luachmhar smaointe agus tuairimí ó pháistí agus daoine fásta. Mheall na 'hataí' daite freagraí ó pheirspictíochtaí éagsúla maidir leis an Oideachas Ealaíon. Déantar plé orthu sin ceann ar cheann anseo.

Chun smaoineamh le Hata Bán, bhí ar rannpháirtithe breathnú ar fhíricí agus ar an méid atá ann cheana féin, is é sin, na heispéiris a bhí ag daoine leis an Oideachas Ealaíon. Anseo, cuireadh liosta de ghníomhaíochtaí le chéile, rinneadh tráchtanna maidir le healaín a dhéanamh, agus luaigh páistí a gcuid mothúchán maidir le foghlaim san ealaín, a bhí dearfach den chuid is mó. Do na páistí, ba ionann ‘fíricí’ maidir leis na healaíona go bunúsach agus ‘an méid a dhéanann muid’.

Spreg an Hata Dearg gach duine le plé a dhéanamh ar a gcuid mothúchán maidir leis an Oideachas Ealaíon. Ba léargas trí lionsa na mothúchán a bhí i gceist anseo. Bhí formhór na mothúchán a léiríodh dearfach. Go coiteann, bhain pléisiúr, bród, spraoi, agus taitneamh le gníomhaíochtaí ealaíon. Agus cé gur labhair roinnt daoine faoi shásamh agus ealaín á cruthú, rinne cúpla duine trácht ar fhuistrachas, a bheith neirbhíseach, agus mothú faoi bhrú. D’fhéadfadh na mothúcháin seo roghanna pearsanta nó easpa féinmhuiníne a léiriú. I gcás roinnt páistí, bhí sé soiléir go raibh dúshlán ag baint leis an íomhá díobh féin mar ‘ealaíontóirí’. Dúradh go bhfuil an rannpháirtíocht rathúil sna hEalaíona nasctha le bua nádúrtha riachtanach. Anuas air seo, nascadh na mothúcháin seo le béim ar an toradh seachas ar an bpróiseas agus páistí ag déanamh tráchtanna ar an méid ‘ba cheart’ a bheith i gceist le healaín, agus ag rá go bhfuil bealach ‘ceart’ ann le healaín a chruthú.

Ba éard a bhí i gceist leis an Hata Buí ná díriú ar na gnéithe dearfacha agus ar na deiseanna, agus ansin, tháinig cumas gníomhaithe páistí chun cinn. Leagadh béim ar thaitneamh, roghanna, agus sairse, agus ar an rannpháirtíocht agus comhoibriú freisin. Bhí gnóthachtáil agus taibhiú soiléir anseo, agus tríd síos, tuiscint na bpáistí gur féidir leo rud éigin fiúntach a bhaint amach agus a chruthú.

Ba é an tasc a bhí i gceist leis an Hata Dubh ná dúshlán a shainiú. Luaigh roinnt páistí arís an tuairim gur cheart d’ealaín a bheith ‘ceart’, agus go ndéanfaí daoine eile breithiúnas ar a caighdeán. Arís, bhain na tagairtí leis na hAmharcealaíona anseo den chuid is mó. B’fhéidir gurbh iad na freagraí ó mhúinteoirí a luaigh an dúshlán a bhaineann le bheith ar thóir na foirfeachta agus ealaín á déanamh. Ceist eile a ardaíodh anseo ná cén chaoi le foirmeacha éagsúla de léiriú ealaíonta a spreagadh, a éascú, agus a aontú. Tugadh aird ar roinnt ceisteanna praiticiúla freisin, ar nós easpa ama chun saothair ealaíne a chur i gcrích, an phraiseach agus an doirteadh a d’fhéadfadh tarlú.


Bhain an hata deireanach - an hata glas - le hiarraidh ar na rannpháirtithe deiseanna agus ceisteanna cruthaitheacha a shainiú. Moladh réimse leathan gníomhaíochtaí, rud a léirigh oscailteacht do réimse foirmeacha éagsúla ealaíne a bhfuil na meáin dhigiteacha, rannpháirtíocht ealaíonta phraiticiúil, agus roinnt oibre le lucht féachana níos leithne i gceist leo. Rinneadh moltaí maidir le gníomhaíochtaí ealaíne a éascú agus a fheabhsú – níos mó ama, níos mó acmhainní, ranganna níos lú, athchúrsáil bruscar, cuairteanna ar iarsmalanna, taispeántais ealaíne. Tháinig na moltaí seo, mar a bheifeá ag súil leis, ó mhúinteoirí agus ó chúntóirí riachtanais speisialta. Luaigh roinnt oideoirí ar an lá na féidearthachtaí atá ann go dtacódh rannpháirtíocht le sainghairmithe ealaíon, agus luaigh siad go sonrach an smaoineamh go mbeadh ealaíontóirí cónaitheach ag scoileanna.

Theastaigh ó mhúinteoir go mbeadh ról níos mó ag páistí sa phleanáil le múinteoirí, cé nach ndearnadh forbairt ar an smaoineamh. Léiríonn an easpa forbartha seo na srianta a bhaineann le freagraí gearra den chineál seo, a lorgaítear i ngníomhaíochtaí mar seo, mar ní raibh an chiall a bhí i gceist leo soiléir i gcónaí.

I ndiaidh an sé ghníomhaíocht Hata Smaointeoireachta, tugadh faoi ghníomhaíocht maidir le ceisteanna ionchuimsithe agus freastal ar riachtanais éagsúla. Léirigh páistí feasacht ard ar an líon mór deacrachtaí fisiciúla agus mothúchánacha a d'fhéadfadh bac nó srian a chur ar rannpháirtíocht roinnt páistí i bhfoghlaim trí na hEalaíona. Ba mhór an gaisce é gur thuig páistí go bhféadfadh cúthaileacht nó easpa féinmhuíne roinnt páistí a bheith chomh sriantach céanna le laguithe fisiciúla. Bhain an réimse smaointe fiúntacha maidir le rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsú le straitéisí seomra ranga chomh maith le tacaíochtaí teaghlaigh agus pobail. É sin ráite, ba é an príomhluach a bhain leis na comhráite a tháinig chun cinn anseo ná an t-ardú feasachta, réamhriachtanas do mhachnamh na bpáistí agus na ndaoine fásta maidir leis an gcaoi a bhféadfaí cur leis an ionchuimsiú ag leibhéal pearsanta, agus sa seomra ranga agus eagraíocht scoile chomh maith.

Dearadh an ghníomhaíocht dheireanach seo i bhfoirm moltaí 'níos mó agus níos lú'; céard iad na rudaí a bhfuil níos mó, nó níos lú, díobh ag teastáil uainn chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár gcuid spriocanna don oideachas sna hEalaíona. Léiríodh peirspictíochtaí agus eispéiris éagsúla na bpáistí agus na múinteoirí ina gcuid freagraí. Ní nach ionadh, mar faoi a bhí i bplé níos luaithe, léirigh smaointe na ndaoine fásta ceisteanna oideolaíochtaí a bhain le deiseanna forbartha gairmiúla agus ceisteanna soláthair, agus le struchtúir a síleadh a bheith ina mbaic ar an gcuraclam. I gcás na rudaí a raibh 'níos mó' díobh ag teastáil ó pháistí bhí níos mó rogha agus ama don fhoghlaim sna hEalaíona, agus, os a choinne sin, níos lú brú ama agus ealaín á cruthú, agus níos lú rialacha maidir le foirmeacha léirithe san obair ealaíne.

I measc buanna an imeachta chomhairliúcháin seo bhí spreagadh an phlé agus roinnt tuairimí maidir le ról an Oideachais Ealaíon inár scoileanna. Bhí meonta an-tacúil agus spreagtha maidir leis an Oideachas Ealaíon agus a áit i gCuraclam na Bunscoile. Bhain luach faoi leith le roinnt smaointe agus tuairimí idir daoine fásta agus páistí ag na boird. Thug gníomhaíochtaí an imeachta seo guth láidir do pháistí agus thug cuid dá gcuid tráchtanna agus moltaí aontú agus roinnt dúshlán do lucht deartha curaclaim, agus do mhúinteoirí freisin. Ba mhinic a luadh an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht i gcaitheamh an lae.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment